Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine cén obair a dhéanann siad agus ag freagairt na ceiste sin

Bileog 4.1 agus Bileog 4.2

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 4.1** orthu. Abair leo an comhrá a léamh le chéile agus ceist a chur ar a chéile cén post atá acu.
- Iarr ar na foghlaimeoirí ainm gach duine sa rang a scríobh síos ina gcóipleabhair.
- Ansin abair leo siúl timpeall an ranga ag cur ceiste ar fhoghlaimeoirí eile cén tslí bheatha atá acu. Abair leo gur féidir leo post a chumadh más maith leo.
- Mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh cur síos dá chéile ar a bpoist, ag úsáid an stóir fhocail sna boscaí ar dheis.
- Ar dtús áfach, cuir gach beirt le chéile leis na ceisteanna sa bhosca ar chlé a phlé le chéile.

***Freagraí*:**

1. Baintear úsáid as an bhriathar 'bí' le cur síos a dhéanamh ar rud a dhéanann tú gach lá nó go rialta - rud atá leanúnach. Baintear úsáid as 'tá' le cur síos a dhéanamh ar rud atá tú ag déanamh anois. Mar shampla: *Tá mé ag obair ar an aiste sin anois / Bím ag obair cúig lá sa tseachtain de ghnáth.*

2. Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh cuid de na réamhfhocail. Féach thíos:

ar*, de, do, faoi, gan, mar, ó, roimh, thar, trí agus um**

Cuirtear séimhiú ar na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail thuas.

* *ar pinsean/ ar bord/ ar ball/ ar meisce* - ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal anseo mar gur aonad amháin atá ann.

** Bíonn séimhiú ann de ghnáth ach amháin má thosaíonn an t-ainmfhocal ina dhiaidh le ***t, d, f, s*** nó má bhíonn aidiacht nó fochlásal leis. Mar shampla: *gan fearg* nó *gan pingin rua.*

ag, as, chuig, go, i, le, idir* agus seachas**

Ní chuirtear séimhiú ar na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail thuas.

*** *idir* (*between*) – ní bhíonn séimhiú ann, mar shampla: *idir Máire agus Seán.*
idir (*both*) – bíonn séimhiú ann nuair is *both* atá i gceist, mar shampla: *Bhí idir mhúinteoirí agus bhanaltraí ann.*

3. Cuirtear urú ar an ainmfhocal i gcanúint na Mumhan agus i gcanúint Chonnachta ach amháin nuair a bhíonn 'na dentals' i gceist, mar shampla:

   - *ag an bpobal*

- *ar an mbord*
- *ar an teach*

Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal i gcanúint Uladh ach amháin nuair a bhíonn 'na dentals' i gceist, mar shampla:

- *ag an phobal*
- *ar an bhord*
- *ar an teach*

- Nuair atá plé maith déanta ag an rang ar na ceisteanna 1-3 sa bhosca ar chlé iarr orthu cur síos mion a dhéanamh ar a gcuid oibre féin don duine in aice leo. Tá na boscaí ar dheis ann le cuidiú leo.
- Nuair atá píosa maith cainte déanta acu iarr ar dhaoine éagsúla cur síos a dhéanamh os ard don rang iomlán ar a gcuid oibre.
- Bí cinnte ag an phointe seo go bhfuil gach duine sa rang ábalta labhairt faoina chuid oibre.

- Cuir gach beirt ag obair le chéile arís agus scaip **Bileog 4.2** ar an rang.
- Tabhair seans dóibh na gairmeacha beatha sa bhosca ar dheis a phlé le chéile. Déan plé leis an rang iomlán ar na focail ansin. Bí cinnte go bhfuil an chiall cheart agus an fuaimniú ceart ag gach duine.
- Iarr orthu smaoineamh ar aon phost eile.
-
De ghnáth focail a chríochnaíonn le –eoir/-óir/-úir/-aí bíonn siad firinscneach agus gairmeacha beatha a bhíonn i gceist chomh maith.
- Tabhair tamall do gach beirt an cheist seo a phlé le chéile. Pléigh na tuairimí leis an rang iomlán ansin.
- Léigh tríd na samplaí de na hainmfhocail fhirinscneacha agus bhaininscneacha sa bhosca leis an rang. Déan tuilleadh samplaí ar an chlár dubh le cleachtadh breise a dhéanamh ar an alt agus ar an ainmfhocal.
- Iarr ar an rang ansin an t-alt a chur roimh na gairmeacha beatha sa bhosca. Ceartaigh leis an rang iad nuair atá siad críochnaithe.

An tAiltire
An Búistéir
An Cócaire
An Comhairleoir
An Dearthóir
An Fear/An Bhean Dóiteáin
An Fiaclóir
An Glantóir
An Gruagaire
An tInnealtóir
An tIriseoir
An Láithreoir
An Leabharlannaí
An Léachtóir
An Leictreoir
An Máinlia
An Pluiméir
An Polaiteoir
An Tiománaí
An Tógálaí
An Tréidlia

- Scríobh na ceisteanna seo ar an chlár dubh arís: *Cén post atá agat? Cad é atá i gceist leis sin?* Bí cinnte go dtuigeann siad na ceisteanna.
- Abair leo ansin siúl thart ag labhairt le cúigear sa rang agus na bearnaí sa bhosca ag bun an leathanaigh a líonadh.

Feidhm: Ag labhairt faoi do stádas oibre

Bileog 4.3 agus Bileog 4.4

- Cuir gach triúr le chéile anois agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag imirt cluiche ar nós 20 ceist.
- Scaip **Bileog 4.3** ar an rang agus abair leo go mbeidh na ceisteanna atá ar an bhileog in úsáid acu le linn an chluiche.
- Mínigh na rialacha dóibh ansin:

a) Roghnóidh an chéad duine post ón bhosca ar **Bileog 4.2**. Níl cead ag an duine seo a rá cén post a roghnaigh sé. Tá ar na daoine eile sa ghrúpa ceisteanna a chur ar an duine seo leis an phost a aimsiú.
b) Glacfaidh an bheirt eile sa ghrúpa sealanna ceisteanna a chur ar an duine seo lena phost a aimsiú. Níl cead ach ceisteanna a bhfuil 'yes/no' mar fhreagra orthu a chur.

Ceisteanna samplacha:
An mbíonn tú ag obair le páistí? *Bím/Ní bhím*
An mbíonn tú ag obair istigh? *Bím/Ní bhím*

c) Leanfaidh na ceisteanna ar aghaidh mar seo go dtí go bhfuil duine den bheirt sásta go bhfuil a fhios acu cén post atá ag an duine.
d) Má tá duine acu cinnte go bhfuil a fhios acu cén post atá ag an duine eile, cuirtear ceist mar seo:

An dochtúir tú? *Is ea/Ní hea*

e) Mura raibh an ceart acu áfach, cailleann siad an deis an chéad cheist eile a chur agus mar sin cailleann siad deis an cluiche a bhuachan.
f) Faigheann an duine a thomhais an post i gceart pointe amháin.
g) Leanann an cluiche ar aghaidh mar sin, agus bíonn deis ag gach duine post a roghnú ón bhosca cúpla uair.
h) Bíonn an bua ag an duine leis an mhéid is mó pointí.

- Nuair atá an cluiche críochnaithe acu agus cleachtadh maith déanta acu ag cur agus ag freagairt ceisteanna cuir gach beirt le chéile arís.
- Iarr orthu abairtí simplí a chumadh ag úsáid na bhfocal a bhaineann le coinníollacha oibre. Sampla: *Conradh – Tá conradh trí bliana agam sa phost atá agam anois.*
- Tabhair tamall dóibh smaoineamh ar an chúig phost is fearr ar domhan, dar leo féin, agus iad a chur i gcomparáid leis an duine in aice leo.
- Nuair atá tú sásta go bhfuil gach duine sa rang ábalta na focail a úsáid abair leo go mbeidh siad ag éisteacht leis an téip.

- Mínigh dóibh go gcaithfidh siad scríobh sa bhosca cén fáth gur luaigh Pól na focail éagsúla. Cuir an téip ar siúl faoi dhó.
- Pléigh na freagraí leis an rang iomlán.
- Cuir an téip ar siúl arís más gá.

- Mínigh don rang go mbeidh siad ag déanamh cleachtaidh anois ar pháipéar samplach de chuid A2, ***Teastas Eorpach na Gaeilge***.
- Scaip **Bileog 4.4** ar an rang agus abair leo an ghníomhaíocht a dhéanamh ina n-aonar ar dtús.
- Nuair atá siad críochnaithe iarr ar gach beirt a bhfreagraí a phlé le chéile agus ansin pléigh na freagraí leis an rang ar fad.
- Bain úsáid as an am seo chomh maith chun ceist ar bith faoin scrúdú a fhreagairt.

Freagraí:

1-H, 2-G, 3-B, 4-C, 5-E, 6-I

Feidhm: Ag déanamh cur síos ar an obair a dhéanann tú ó lá go lá

Bileog 4.5

- Tabhair **Bileog 4.5** don rang agus iarr orthu an dialann a líonadh.
- Caithfidh siad a scríobh isteach cad iad na rudaí a dhéanann siad de ghnáth gach lá den tseachtain.
- Mínigh dóibh chomh maith nach gcaithfidh siad labhairt faoin phost atá acu i ndáiríre – is féidir post a chumadh.
- Nuair atá an dialann líonta acu ba cheart go mbeidís in ann abairt a rá ar nós na habairte díreach faoin dialann: *Bíonn léachtaí agam gach maidin Dé Luain agus gach maidin Dé hAoine de ghnáth.*
- Ansin cuir gach beirt ag obair le chéile le comhrá a bheith acu faoi cad é a dhéanann siad gach lá ina gcuid oibre. Ba cheart go mbeadh na comhráite cosúil leis an chomhrá atá ag bun an leathanaigh.

Feidhm: Ag cur síos ar choinníollacha oibre

Bileog 4.6 agus Bileog 4.7

- Tabhair **Bileog 4.6** do gach duine sa rang agus cuir gach beirt ina suí le chéile.
- Iarr orthu na focail sa bhosca a phlé le chéile agus focal ar bith eile atá ar eolas acu faoi choinníollacha oibre a bhreacadh síos.
- Pléigh na focail leis an rang ar fad le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus an fuaimniú ceart acu.
- Iarr ar gach beirt comhrá a bheith acu ag úsáid na bhfocal sa bhosca (agus focail ar bith eile atá acu ar choinníollacha oibre).
- Ba cheart go mbeidh an comhrá mar seo:

- *Cén post atá agat?*
- *Is múinteoir meánscoile mé, tá mé ag obair i scoil sa bhaile le cúig bliana anois.*
- *An maith leat do phost?*
- *Is maith. Tá an áit oibre go deas agus tá an tuarastal go maith. Cé go mbíonn na huaireanta oibre fada go leor tá saoire mháithreachas agam.*

- 1. Cuirtear séimhiú ar fhréamh an bhriathair leis an aimsir chaite a chumadh.
  2. 'Ar' an mhír cheisteach agus 'níor' a úsáidtear leis an fhreagra diúltach a chumadh.
  3. Mar shampla:

  Cuir: *Ar chuir tú? Chuir/Níor chuir*
  Ceannaigh: *Ar cheannaigh tú? Cheannaigh/Níor cheannaigh*

- Cuir gach beirt ag obair le chéile anseo le machnamh a dhéanamh ar thábhacht na haimsire agus teanga nua á foghlaim agat. Mínigh nach bhfuil freagraí cinnte ar an cheist seo agus braitheann sé ar an duine aonair go minic. Glactar leis áfach, go dtosaítear leis an aimsir láithreach.
- Iarr ar gach beirt ansin na briathra sa bhosca a scríobh amach san aimsir chaite, bunaithe ar an sampla atá déanta don bhriathar *ceannaigh*.
- Is iad na briathra leis na réalta na cinn nach bhfuil mírialta.

Freagraí:

*Cuir:	Ar chuir tú an litir sa phost? Chuir/Níor chuir
Feic:	An bhfaca tú an carr nua? Chonaic/Ní fhaca
Faigh:	An bhfuair tú cupán tae? Fuair/Ní bhfuair
Téigh:	An ndeachaigh tú amach aréir? Chuaigh/Ní dheachaigh
Tá:	An raibh tú ann? Bhí/Ní raibh
*Éirigh:	Ar éirigh tú go luath? D'éirigh/Níor éirigh
*Tosaigh:	Ar thosaigh tú ag obair go fóill? Thosaigh/Níor thosaigh
Tabhair:	Ar thug tú deoch dó? Thug/Níor thug

- Tabhair **Bileog 4.7** do gach duine sa rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Iarr orthu an píosa a léamh le chéile. Léifidh duine amháin an chéad abairt agus an duine eile an chéad abairt eile. Leanfaidh siad ar aghaidh mar sin go dtí go bhfuil an píosa léite acu.
- Mínigh dóibh go bhfuil an píosa dúshlánach go leor ach go bhfuil an ghluais ann le cuidiú leo.
- Ansin léigh thusa an píosa leis an rang iomlán.
- Tabhair seans do gach beirt píosa cainte a dhéanamh faoi phost a thaitin leo agus faoi phost nár thaitin leo.

- Tabhair tamall dóibh a machnamh a dhéanamh sula dtosaíonn siad ag caint leis an duine eile. Abair leo chomh maith dul siar ar na bileoga ar fad go dtí seo le cuidiú leo.

Feidhm: **Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine faoi na pleananna atá acu agus ag freagairt na ceiste sin**
Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi chúrsaí earcaíochta
Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine cad é mar a d'éirigh leo ag agallamh agus ag freagairt na ceiste sin.

Bileog 4.8A agus Bileog 4.8B

- Cuir gach beirt ag obair le chéile. Tabhair **Bileog 4.8A** do dhuine amháin don bheirt agus **Bileog 4.8b** do duine eile.
- Léigh fríd na habairtí atá ag barr na mbileog leis an rang iomlán.
- Déan druil leis an rang ar fad, ag cur ceiste ar gach duine an bhfuil siad chun fanacht sa phost atá acu anois.
- Abair leo ansin go mbeidh siad ag éisteacht le Pól ag caint faoi na pleananna atá aige ina chuid oibre.
- Léigh na ceisteanna leis an rang sula gcuireann tú an téip ar siúl.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus ansin tabhair seans do na foghlaimeoirí na ceisteanna a fhreagairt.
- Cuir an téip ar siúl arís más gá.
- Iarr ar gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile sula bpléann tusa leis an rang ar fad iad.
- Tabhair deis do gach beirt an cheist - *An bhfuil tú chun fanacht sa phost atá agat anois?* - a chur ar a chéile.

- Mínigh dóibh go bhfuil fógra poist difriúil ag an bheirt acu agus go bhfuil an t-eolas atá acu faoin fhógra agus faoin phost éagsúil.
- Iarr orthu na fógraí, an t-eolas atá fíor fúthu féin agus na ceisteanna ag bun an leathanaigh a léamh iad féin.
- Bí thusa thart le ceist ar bith a bheadh acu a fhreagairt.
- Ansin abair leo na ceisteanna ag bun an leathanaigh a chur ar a chéile.
- Arís, bí thusa thart le cuidiú le deacracht ar bith a bheadh acu.
- Nuair atá tamall maith caite acu ag déanamh plé ar na fógraí cuir thusa na ceisteanna ar dhaoine éagsúla sa rang.

Scríbhneoireacht

Ag an leibhéal seo, is féidir le foghlaimeoirí nótaí gearra simplí a scríobh, mar shampla teachtaireachtaí ríomhphoist agus litreacha pearsanta simplí ag tabhairt eolais ar eachtraí nó ag cur síos ar imeachtaí. Ina gcuid oibre féin, beidh siad in ann gnáthlitir a scríobh ag soláthar fíricí, dátaí agus araile. Moltar a gcuid oibre/dréachtaí a sheiceáil mar is dócha go mbeadh earráidí tromchúiseacha in obair ar bith a bheadh neamhghnách nó nach mbeadh taithí acu uirthi.

- Abair leo píosa a scríobh faoina gcuid oibre féin agus go gceartófar é sa chéad rang eile.